# AR CHUALA TÚ?

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Paráidí Lá Fhéile Pádraig i gConamara Láir


















### Buaiteoirí an Chomórtais- Na Cosa Lasta






# An Chéad Chéim Eile

**Tá scoláirí na hardteistiméireachta i gColáiste na bPiarsach agus i Scoil Phobail Mhic Dara ag fáil faoi réir chun 'An Chéad Chéim Eile' a thógáil ina saol. Ní dírithe ar scrúdaithe amháin a bhíonn scoláirí Iar-bhunscoile an t-am seo don bhliain ach ag smaoineamh ar cén áit a bhfuil a dtriail agus an bhfuil siad ag roghnú an bóthar ceart, bíodh sé sin ag léiriú suime i bprintíseachtaí, cúrsaí iar-ardteistiméireachta nó tús a chur lena gcuid scolaíochta in institiúidí tríú leibhéal. Ina thaobh sin, bheartaigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir ócáid eolais 'An Chéad Chéim Eile' a reáchtáil, áit a mbeadh deis ag na scoláirí ar dtús éisteacht le iarscoláirí a thóg bealaí difriúla ina saol chun a gcáilíocht a bhaint amach agus chomh maith leis sin roinnt eolais a bhailiú óna seastáin eolais a bhí ar fáil. Chuir Caitríona Ní Chualáin, láithreoir le TG4, agus a ghlac ról Bean an Tí don ócáid, fáilte mhór roimh gach éinne go gealgháireach. Meabhraíodh do na daltaí nach bhfuil aon bhealach ceart nó mícheart chun tús a chur lena n-aistear saoil, ach go bhfuil go leor deiseanna agus bealaí éagsúla ann chun an sprioc atá ar intinn acu a bhaint amach. Chuir aoi amháin síos ar a turas féin, gur feasacht saoil a bhí i ngach uile coiscéim a ghlac sí, gur chabhraigh sé sin léi an post is mó a bhí uaithi a bhaint amach agus go bhfuil sí sona sásta anois. Chuir Katie McGreal, a bhfuil a comhlacht féin, Solas Relaxation, aici, tús leis an seisiún nuair a thug sí tuiscint dúinn ar an tábhacht a bhaineann le meabhairshláinte agus aire mhaith a thabhairt duit féin le linn na scrúduithe agus go deimhin i do shaol go ginearálta. Roinn sí roinnt leideanna leis na daltaí a chabhródh leo agus iad i mbun a gcuid scrúduithe nó nuair a bhíonn siad faoi strus. Dúirt sí leo nárbh é seo a bhí beartaithe aici féin a dhéanamh nuair a d'fhág sí an scoil ach gur lean sí mianta a croí. I measc na n-aoichainteoirí, labhair Caitlín Ní Shuilleabháin, Iarscoláire Choláiste na bPiarsach agus Príomhoide Scoil Na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Páraic ó Cualáin, Iarscoláire Scoil Phobail Mhic Dara agus conraitheoir tógála agus Ann Marie Grealish, Iarscoláire Choláiste na bPiarsach agus a bhfuil a gnó féin bunaithe aici anois. Rinne Ann Marie cur síos ar an tábhacht a bhaineann le hithe go sláintiúil agus go mbíonn tionchar ar a itheann tú ar do chuid oibre/meabhair-shláinte agus do shláinte ina iomlána. Chuir an Garda Michelle Ní Chonaola comhairle ar na scoláirí faoi conas iad féin a choinneáil sábháilte agus iad ag fágáil an bhaile don chéad uair. Gan iad a bheith faoi bhrú ag aon duine agus gan a bheith ag imeacht ina n-aonar. Rinne Cathal Ó Gríofa atá ag obair leis an an gcomhlacht Chevron cur síos ar a scéal féin agus an méid don domhan mór atá feicthe aige agus é ag obair mar innealtóir mara. Is le cúrsaí Mara a bhí a bhuanú agus bhí suim ollmhór aige ann riamh. Rinne Ann Marie Ní Churraoin, Comhordaitheoir For-rochtana Míchumais / Oifigeach Tionscadail, Ollscoil na Gaillimhe cur i láthair do na scoláirí maidir leis na tacaíochtaí agus deiseanna eile atá ann freastal ar an ollscoil. Chuireamar clabhsúr leis an ócáid le comórtas Tráth na gCeist, agus bhí píosa spraoi ag na scoláirí. Comhghairdeas mór leis na buaiteoirí, Coiníní Mhuighinse, a fuair húdaí an duine. Tá muid thar a bheith buíoch do na seastáin a roinn eolas tábhachtach leis na scoláirí ar an lá: Údarás Na Gaeltachta; Tírghlas; Bord Iascaigh Mhara; An Garda Síochána; Óglaigh na hÉireann; TG4; Connemara Credit Union; Ollscoil na Gaillimhe.**





Buíochas le foireann Acadamh na hOllscoile, Carna a chuir spás álainn ar fáil dúinn agus ár ndóigh bhí neart le n-ithe, a bhuíochas sin do Chlíona ó Tigh Mheaic. Buíochas mór do Simon Boyle a thóg an pictiúr deas agus do Dhiarmuid Ó Mainín a bhí ina thiománaí againn don lá. Gach ádh ar scoláirí na hardteistiméireachta ina gcuid scrúduithe agus pé cosán a roghnaíonn siad. Seo píosa beag a chum Seosamh Ó Guairim, beannacht Dé leis:

A Thiarna, ná tréig mé, A Dhia mór, bí liom, Déan thusa rud orm, Déan rud ar mo shon. Croch díom an meáchan, Fág orm caoi. Tabhair fuílleach spáis dom, Múscail mo shuim, Fiú mas I bponc mé, Nó ar charraig lom:Déan thusa rud orm, Déan rud ar mo shon.

## Scoláireachtaí Tríú Leibhéal

**Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir go raibh deis againn scoláireachtaí tríú leibhéal a fhógairt do mhic léinn a bhfuil cónaí orthu sa limistéar agus atá ag déanamh céim sa Ghaeilge, nó cúrsa atá á sheachadadh go hiomlán trí mheáin na Gaeilge, cúrsa le modúil Ghaeilge, Cúrsa i bPleanáil Teanga/Léann na Teanga/Sochtheangeolaíocht. Bronnadh na scoláireachtaí ar sheisear mac léinn as an limistéar le gairid.**

**Is iad sin Éabha Ní Chathasaigh atá ag freastal ar Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Iarla Mac Donnacha atá ag freastal ar Ollscoil na Gaillimhe;Katie Ní Shuilleabháin atá ag staidéar i gColáiste San Aingeal, Sligeach; Liam Ó Loideáin agus Ríona Ní Mhainín atá ag freastal ar Ollscoil na Gaillimhe; agus Séamus Ó Flatharta atá ag staidéar in Ollscoil Luimnigh . Déanann muid comhghairdeas leo ar fad agus guíonn muid gach ádh orthu ina gcuid staidéir.**







## Taispeántas Cócaireachta

**Tá tús a chur le sraith Taispeántas Cócaireachta sa chistin nua in Ionad Pobail an Chaisil faoi stiúir Michael Moylan. Tamall ó shin rinne Pleanáil Teanga Chonamara Láir suirbhé ar an bpobal chun fiosrúchán a dhéanamh ar cé na himeachtaí a mbeadh suim ag an bpobal iontu agus mar chuid den aiseolas sin léiríodh spéis i dTaispeántas Cócaireachta. Nach bhfuil siad ag breathnú chomh blasta!**









# Comhdháil de chuid Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.




Labhair Máirín Ní Choisdealbha-Seoige, Rúnaí Comhlachas na gComharchumann & Comhlachtaí Pobalbhunaithe ag Comhdháil de chuid Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge le gairid faoi chúrsaí Gaeilge agus Gheilleagar na Gaeltachta. Is é seo blaiseadh den óráid a rinne Máirín ag an gcomhdháil: "In imeacht leath chéad bhliain ó bunaíodh gluaiseacht na gComharchumann, tá an ghluaiseacht chomh tábhachtach agus a bhí riamh do cheantair Ghaeltachta atá fós ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin éagsúla le go mbeadh slí mhaireachtála ag daoine sa phobal seo, agus anois leis an mbrú atá ag teacht ar chultúr agus ar theanga, tá sé níos tábhachtaí ná riamh inmharthanacht na nGaeltachtaí a chinntiú. Is é mo thuairim go bhfuil an Ghaeltacht ag maireachtáil, ní faoi bhláth agus gan daoine atá ina gcónaí agus ag obair inár gceantair, tá muid ag cailleadh ár n-úinéireacht ar thraidisiún, teanga, agus cultúr."

## Ceardlann Cóiriú Bláthanna

Bhí áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir agus ar Choláiste na bPiarsach tacaíocht a thabhairt do Cheardlann Coiriú Bláthanna a reáchtáladh don phobal le déanaí. Thug Caroline Frighil, Bláthanna agus Bronntanais Charoline agus  a cuntóir Mary Ann cúnamh agus treoir don rang chun maisiúchán deas a dhéanamh don Cháisc. Thug an ócáid dheas seo deis don phobal a bheith gníomhach agus píosa cainte agus comhrá a dhéanamh ina dteanga dhúchais.









## Cruinniú Poiblí- Cór Chonamara Láir

Bhí cruinniú poiblí againn le gairid leis an gcoincheap Cóir Chonamara Láir a phlé. Chruinnigh timpeall dhá dhuine dhéag ag an gcruinniú in Ionad Pobail Chill Chiaráin agus tháinig leithscéal ó chúigear eile nach raibh in ann a bheith i láthair an tráthnóna sin.

Bhí ríméad ar na daoine a bhí i láthair go mbeadh a leithid do dheis ann agus anois tá súil againn teacht le chéile an 10/4/2024 ag 8.00i.n. i Séipéal Chill Chiaráin. An sprioc is mó atá againn ná go ndéanfadh amhránaithe/ceoltóirí ó na pobail éagsúla taobh istigh don limistéar Pleanála Teanga cleachtadh le chéile ar phíosa ceoil ar a n-aontaíonn siad féin agus an stiúrthóir.

Tá sé tábhachtach do Phleanáil Teanga Chonamara Láir agus don phobal go mbeadh na hamhráin Ghaeilge seo á choinneáil i mbéal an phobail agus go mbeidh siad ar fáil don chéad ghlúin eile. Is seo bealach deas chun an pobal a thabhairt le chéile, mórtas áite agus saibhriú teanga agus spriocanna an phlean teanga ina iomlána a bhaint amach.

Bheadh fís againn, lá níos faide anonn, go mbeadh deis ag Cóir Chonamara Láir páirt a ghlacadh in imeachtaí pobail/ comórtais/turais.

Anois, beidh dhá leagan ar scéal agus dhá leagan déag ar amhrán!

Má tá suim agat a bheith linn, níl ort ach scéal a chur chugainn ar uimhir gutháin 087-1875384 nó ríomhphost a sheoladh chuig opt@conamaralair.ie.

## Garraíodóireacht i gConamara Láir

Mar a deir an seanfhocal "Muna gcuirfidh tú san Earrach, ní bhainfidh tú sa bhFómhar", agus is mar sin a bhí an scéal do ghasúir óga agus a gcuid tuismitheoirí i gConamara Láir le gairid. Bhí ócáid álainn garraíodóireachta againn ag Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh faoi stiúir Paddy Ó Fiannachta agus na gasúir ar bís ag cur a gcuid síoltaí glasraí agus bláthanna. Eagraíodh an ócáid seo mar chuid do Chlár Cuideachta, clár atá aontaithe idir Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Pleanáil Teanga Chonamara Láir. Mar chuid don chlár seo, cuirtear imeachtaí spraíúla chun cinn do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge agus bíonn fáil acu ar phacáistí ag na himeachtaí. Muna bhfuil tú cláraithe, tá deis agat sin a dhéanamh go fóill ach teagmháil a dhéanamh le meadhbh@tuismitheoiri.ie



## Seó Bóthair na Naíonraí Chonamara Láir

**Chuir Pleanáil Teanga Chonamara Láir agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta tús lena gcamchuairt ar Naíonraí Chonamara Láir le linn Sheachtain na Gaeilge agus le tacaíocht ó Energia Seachtain na Gaeilge. Mar chuid den Seó Bóthair thug muid cuireadh d'aíonna a bheith linn chun píosa spraoi agus greann a bheith acu leis na páistí. Thug Caitríona agus a deirfiúr Nóirín Ní Cheannabháin leo a mála mór lán de theidithe, rannta agus eile timpeall an limistéir. Chas muid amhráin agus rinne muid spraoi. Chuir Saoirse Ní Dhomhnaill muid ar fad ag obair le cluichí beaga agus bhí sé chomh maith le dul chuig an spórtlann. Chuir muid tús le na turais le cuairt ar Naíonra Chamuis, agus as sin siar go Naíonra Ros Muc. Ina dhiaidh sin thug muid ár n-aghaidh ar Naíonra an Aird Mhóir agus chuir muid críoch leis an turas i Naíonra Charna. Chuir na páistí agus foireann na naíonraí ar fad an-fháilte romhainn. Tugadh malaí beaga do na páistí ar fad. I ngach mála bhí póstaer a thugann eolas do thuismitheoirí maidir le dearbhán €100 a bhuachan. Níl le déanamh ach féachaint ar fhíseán gairid a chur Pleanáil Teanga Chonamara Láir i dtoll a chéile maidir le téamaí tábhachtacha agus iad ag tógáil clainne. Ní mór é seo a bheith déanta roimh an 8ú Aibreán ionas go mbeidh seans agat dearbhán €100 a bhuachan. Gach eolas le fáil ach dul chuig suíomh www.conamaralair.ie nó teagmháil a dhéanamh linn ag 087-1875384. Tá orainn buíochas ó chroí a ghabháil leis na haoichainteoirí iontacha a chuir taifeadadh ar fáil dúinn: Róisín Ní Chualáin – 'Tábhacht na Gaeilge ag Baile'; Séan Ó Cillín – 'An tábhacht a bhaineann le bheith aclaí; Ann Marie Grealish – 'Bia folláin, Gasúr Folláin'; Michael Barry Ó Flatharta – 'Sábháilteacht ar líne'. Buíochas ár ndóigh chomh maith do Nóirín Ní Cheannabháin, Caitríona Ní Cheannabháin, Saoirse Ní Domhnaill agus Áine Marie Ní Churraoin ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.**

**Ní neart go cur le chéile!!**










## Coirnéal Chomhrá

**Aoí na Míosa: Mary Uí Fhlatharta**
**Cúntóir Teanga le Muintearas Teo.**



**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?** Mary Bhán, Mary Dara, Mary Phatrick Sheáin, Mary Mháire Dharach

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Inbhear, Ros Muc

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Úsáidim an Ghaeilge go laethúil sa mbaile agus i mo chuid oibre. Is breá liom nathanna cainte, seanfhocail agus na logainmneacha atá againn sa gceantar seo.

**4.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá an t-ádh liom gur ag obair mar Chúntóir Teanga atá mé le roinnt mhaith blianta sa dá Scoil Náisiúnta anseo i Ros Muc. Bím ag cur chun cinn na Gaeilge ag braith ar ábaltacht agus riachtanais an ghasúir. Bím i mbun ceardlainne le Conamara Láir agus Fighting Words na Gaeilge ó am go ham freisin.

**5.Céard é an béile is fear leat?** Níl cailleadh ar bith ar dhinnéar mairteola, le éagsúlacht glasraí agus gloine fíona.

**6.Cén bialann is fear leat:** Is breá liom Tigh Chadhain i gCill Chiaráin. Tá radharc álainn ar Chuan Chill Chiaráin agat ón bhfuinneog agus tú ag ithe do bhéile.

**7.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair:** Bádóirí ar TG4.

**An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Ag spaisteoireacht agus an ghrianghrafadóireacht. Tá tírdhreach álainn mórthimpeall orainn le gach cineál flóra agus fána.

**8.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** An Chéinia, ar safari agus na hainmhithe fiáine mórthimpeall orm. Na heairc luachra ag siúl ar an tsíleáil os mo chionn sa teachín crainn agus na crogaill thíos fúm ag snámh san abhainn!

**9.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Chuile shaghas i ndáiríre, ceann le plota maith nó scannánaíocht ghrinn.

**10.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach – cén sort leabhar a cheannófá?** Leabhar Gaeilge ó údar áitiúil ab fhearr liom.

**11.An noiméad den lá is fearr leat?** Maidneachan lae.

**12.An t-am den bhliain is fearr leat?** Tús an tSamhraidh, laethanta fada agus aimsir bhreá.

**13.Aon chomhairle a cuireadh ort?** Is fearr an tsláinte ná saibhreas.

## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Ciarán Ó Cónaire as Saile Laoi, Rosmuc, a bhuaigh comórtas mhí Márta.
Is í Paula Lydon, Oifigeach Turasóireachta Cósta Gaelach Chonamara & na hOileán, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Aibreán chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.



## Logainm na Míosa:

*Cinn Mhara*
*a chiallaíonn*
*Ceann na Mara*

## Seanfhocal na Míosa:

*Ní bhfuair an sionnach ariamh aon teachtaire níos fearr ná é féin.*

---

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**